# Polasaí Bí Cineálta

Scoil Chaitríona

2025

*Scoil Chaitríona*
*Bóthar Moibhí*
*Glasnaíon*
*Príomhoide: Fíona Ní Chatháin*
*Príomhoide Tánaisteach: Katie Ní Dhubhláin*

# Polasaí Bí Cineálta Scoile chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Glacann Bord Bainistíocha Scoil Chaitríona an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | Dáta an Chomhairliúcháin | Modh comhairliúcháin |
|---|---|---|
| Foireann na Scoile | 10.04.25 | Ghlac an fhoireann scoile páirt i gceardlann Bí Cineálta chun polasaí Bí Cineálta a phlé. Bhí deis ag gach ball ionchur a bheith acu i ngach cuid den pholasaí. Bhí suirbhé tugtha do ghach ball foirne le líonadh faoi iompraíocht bhulaíochta sa scoil. |
| Scoláirí | 07.04.25 | Tugadh amach ceistneoir do fhóram scoláirí áit a raibh ionadaithe ó gach bliain (n≈ 40) |
| Tuismitheoirí/ Caomhnoirí | 01.04.25 | Roinneadh ceistneoir le tuismitheoirí/ caomhnóirí na scoile |
| Bord Bainistíochta | 12.06.25 | Seoladh amach an dréacht polasaí ag baill an bhoird roimh an gcruinniú agus bhí plé ansin ag an gcruinniú boird faoi ar an 12 Meitheamh 2025. |
| Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus) | 10.04.25 | Tugadh amach ceistneoir don fhoireann scoile |
| An dáta ar faomhadh an polasaí: 12 Meitheamh 2025 | | |
| An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: N/A | | |

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh Scoil Chaitríona. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí(Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta):

Tá timpeallacht Scoil Chaitríona ina spás ina mothaíonn scoláirí agus baill foirne na scoile muintearas agus ina mothaíonn siad go bhfuil siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.

Téann foireann ceannaireachta na scoile i gcion ar chultúr na scoile agus leagann sí síos na caighdeáin agus na hionchais do phobal na scoile nuair atáthar ag cosc iompraíocht bhulaíochta agus ag dul i ngleic léi. Tá sé de fhreagracht ar gach ball de phobal na scoile cultúr scoile nach bhfuil aon ghlacadh le hiompraíocht bhulaíochta ann a fhorbairt agus a choinneáil agus cur chuige seasmhach a ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.

Tá sé d'fheidhm Scoil Chaitríona go dtacódh pobal na scoile le timpeallacht ina dtuigtear nach binn béal ina thost i gconaí.

Ba cheart go mbeadh scoláirí ar a gcompord ag caint faoi ábhair imní maidir le hiompraíocht bhulaíochta. Tá cúiseanna ar leith ann *(Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi, aonad 5.1)* nach ndéanfadh scoláirí tuairisciú faoi iompar bulaíochta agus déantar iad san áireamh inár gcuid straitéisí maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi thíos.

**Cultúr agus Timpeallacht**

- Bíonn Coiste Cineáltas na scoile ag dearadh agus ag cur i bhfeidhm "Seachtain Chairdis" gach bliain. Is é aidhm na secahtaine seo ná timpeallacht scoile atá cuimsitheach, lán ómóis a chur chun cinn, áit a ndéantar ceiliúradh ar ár ndifríochtaí. Tá na ceachtanna dírithe freisin ar chineálacha agus ar fhoirmeacha bulaíochta a aithint, ag cur béime ar an tionchar a bhíonn ag iompar bulaíochta ar an duine aonair agus ag spreagadh iad siúd atá ag fulaingt nó ag feiceáil iompar bulaíochta chun labhairt le duine éigin sa scoil. Líonann scoláirí ceistneoir inar féidir leo a n-imní faoi iompar bulaíochta a roinnt agus cuidiú le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Bí Cineálta. Bíonn gach múinteoir páirteach na ceachtanna a mhúineadh do ghrúpaí bliana éagsúla.
- Bíonn an fhoireann Folláine ag dearadh agus ag cur clár i bhfeidhm chun folláine fhoriomlán na scoláirí sa scoil a chur chun cinn. Reáchtálann siad seachtain Folláine ina spreagtar scolárí machnamh a dhéanamh ar a bhfolláine féin agus múintear dóibh bealaí inar féidir leo a bhfolláine féin a fheabhsú, laistigh agus lasmuigh den scoil.
- Tá seomra na gcéadfaí ar fáil do dhaltaí a chuireann timpeallacht chiúin, shábháilte agus intuartha ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh sé a bheith de dhíth orthu.
- Cinntíonn an córas tréadchuraim go mbuaileann gach scoláire lena oidí tionól gach lá le linn tionóil agus go mbíonn an deis acu labhairt lena gceann bliana go príobháideach más gá dóibh.
- Bíonn tionóil scoile ar siúil chun éachtaí a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt dóibh siúd a ghlacann páirt go maith i bhfeachtais scoile chun folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear Seachtain Cairdeas, Spiorad na Nollag agus Lá Spóirt.
- Reáchtáiltear searmanas Bronnadh na nDuaiseanna ag deireadh na bliana chun éachtaí na scoláirí ar feadh na bliana a cheiliúradh. Aithnítear éachtaí acadúla, sóisialta agus spóirt, chomh maith leis na scoláirí sin a bhfuil buanna eisceachtúla acu sa cheol, san ealaín agus sna healaínte eile.

- Bíonn foireann tacaíochta na scoile ag bualadh le chéile uair sa tseachtain chun na scoláirí sin a d'fhéadfadh go mbeadh cúram agus tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint, ag brath ar a gcúinsí. Féadfaidh múinteoirí ranga an fhoireann tacaíochta scoile a chur ar an eolas faoi aon scoláire a d'fhéadfadh a bheith ag streachailt le haon ghné den scoil.
- Tugann foireann tacaíochta na scoile cuireadh do scoláire a bheith mar bhaill de ghrúpaí fócais chun plé a dhéanamh ar na saincheisteanna agus na himní a bhíonn ag baill den phobal LGBTQ+ i dtimpeallacht shábháilte thacúil. Cabhraíonn sé seo le ceannairí scoile a chur ar an eolas faoin mbealach is fearr chun tacú le scoláirí agus an bhfuil aon saincheisteanna ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu.
- Bíonn foireann na Chéad Bhliana ag eagrú agus ag cur seachtain ionduchtaithe i bhfeidhm nuair a thagann scoláirí go Scoil Chaitríona don chéad uair chun cabhrú leo aistriú isteach san iar-bhunscoil. Buaileann siad leis an bPríomhoide**,** Príomhoide Tánaiseach**,** a gCeann Bliana agus oidí ranga i rith na seachtaine agus cuirtear Comhairle na Scoláirí in aithne dóibh a dhéanann gníomhaíochtaí leo agus a roinneann a gcomhairle leo. Mínítear an Cód Iompair Dhearfach agus an polasaí Bí Cineálta, i measc nithe eile, do na scoláirí**.**
- Cuireann an tréadchuraim clár meantóireachta ar fáil ina ndéantar scoláirí ó Chomhairle na Scoláirí a phéireáil le scoláirí na céad bliana chun caidreamh dearfach a chruthú idir scoláirí sóisearacha agus sinsearacha. Tugtar an deis do na scoláirí sóisearacha aon imní a phlé le scoláirí níos sine atá freagrach agus atá in ann aon imní a bhíonn acu a ardú.
- Bíonn tionól ag gach bliain ag tús gach bliain chun polasaí an Cód Iompair Dhearfach agus an Polasaí Bí Cineálta a shoiléiriú.
- Cuireann foireann na scoile clár seach-churaclaim i bhfeidhm a thugann deis do scoláirí páirt a ghlacadh i spóirt (peil, iománaíocht, cispheil, lúthchleasaíocht), i gceol (Scléip, Cór Emmanuel, seisiúin thraidisiúnta), ceolchoirm na scoile, club leabharlainne agus club fichille. Bíonn deis ag scoláirí bualadh le scoláirí agus múinteoirí a bhfuil suimeanna comhchosúla acu agus faigheann go leor acu deis a bheith mar ionadaithe Scoil Chaitríona, rud a chothaíonn bród agus meas ar a scoil.
- Tá córas cuimsitheach TCI i Scoil Chaitríona..
- Bíonn maoirseacht á déanamh ar an scoil ó 08:15 ar maidin agus le linn gach sos ag múinteoirí**,** CRSanna, agus foireann na scoile**.** Feiceann scoláirí aghaidheanna dhaoine fásta sna limistéir shóisialta agus i gclós na scoile gach lá lasmuigh den seomra ranga.
- Cuireann an fhoireann tréadchúraim clár meantóireachta “Cairde Speisialta” ar fáil idir scoláirí na hIdirbhliana agus na chéad bhliana. Eagraíonn scoláirí na hIdirbhliana cruinnithe, cluichí agus imeachtaí beaga chun timpeallacht scoile dhearfach a chruthú do scoláirí na chéad bhliana.
- Tá seoladh ríomhphoist (bosca litreach) ar fáil do scoláirí ar mian leo eachtraí iompair bhulaíochta a nochtadh agus déanann foireann tacaíochta na scoile monatóireacht air.
- Tá ár bpolasaí Bí Cineálta, atá in oiriúnt do scoláirí, le feiceáil ar fud na scoile, sna leithris agus sna pasáistí, chun a mheabhrú do scoláirí ní gá gur binn béal ina thost i Scoil Chaitríona.

**Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)**

- Cuirtear curaclam an OSPS ar fáil do gach scoláire i Scoil Chaitríona ag an Sraith Shóisearach, an Idirbhliain, agus an Sraith Shinsearach. Tá an cúrsa deartha chun a bheith oiriúnach d'aois agus do chéim forbartha na scoláirí agus é mar aidhm aige tacú le scoláirí féinmhuinín dearfach a fhorbairt agus cumas chun aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile trí na 4 shnáithe idirnasctha: Tuiscint Orm Féin agus ar Dhaoine Eile**,** Folláine Mhothúchánach**,** Caidreamh agus Gnéasacht**,** agus Roghanna Sláintiúla a Dhéanamh**.**
- Glacann scoláirí sa 2ú bliain páirt i gClár Comhbhá.
- Glacann scoláirí na Sraithe Sinsearaí páirt i gClár Mindout, atá deartha agus formhuinithe ag

an FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

- Glacann scoláirí na hIdirbhliana páirt i gClár Bystander atá deartha ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) agus á chur i bhfeidhm ag múinteoir a rinne an traenáil.
- Cuireann cúrsa an OSSP sa Sraith Shóisearach ar chumas scoláirí gach ceann de shé tháscaire na folláine a fhorbairt**:** Freagrach**,** Feasach**,** Athléimneach**,** Ceangailte**,** Tugtar Meas Air agus Gníomhach**.** Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa scoláirí a chur ar an eolas, a spreagadh agus a chumasú chun a bheith ina saoránaigh ghníomhacha i sochaí chomhaimseartha bunaithe ar thuiscint ar chearta an duine agus freagrachtaí. Spreagtar iad chun gníomh a dhéanamh, chun a bhfolláine féin agus folláine daoine eile a chur chun cinn.
- Bíonn modúil ar siúil ag na múinteoirí Oideachas Reiligiúnach (1ú – 6ú Bliain), OSPS agus OSSP (1ú – 3ú Bliain) ar chomhionannas do chách i dtéarmaí cine, reiligiúin, cúlra cultúrtha agus an Lucht Siúil.
- Ós rud é go mbíonn an chibearbhulaíocht ag athrú de shíor, bíonn ceardlanna ar siúl ag an scoil gach bliain bunaithe ar an gcibearbhulaíocht agus ar shábháilteacht ar líne. Déantar cinneadh ar bhonn bliantúil maidir leis an eagraíocht ghairmiúil a roghnaíonn Scoil Chaitríona chun na ceardlanna seo a reáchtáil, ag brath ar riachtanais reatha agus athraitheacha na scoláirí.
- Úsáidtear modhanna teagaisc i réimse leathan ábhar trína bhfoghlaimíonn scoláirí conas saincheisteanna a phlé agus díospóireachta a dhéanamh ar i mbealach a bhfuil meas agus cothroime ag baint leis. I roinnt ábhar ina n-úsáidtear plé agus díospóireacht go forleathan, déanann na scoláirí féin conradh ranga a dhearadh, rud a chumasaíonn iad a n-iompar féin a aithint agus a bheith freagrach as.
- Tugtar cuireadh do aoichainteoirí teacht isteach sa scoil chun labhairt le scoláirí bunaithe ar riachtanais grúpaí bliana áirithe má aithnítear saincheist a d'fhéadfadh iompar bulaíochta a bheith mar thoradh uirthi nó a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leis.
- Glacann scoláirí na hIdirbhliana páirt i Poetry Slam, ceardlann a bhfuil sé mar aidhm aici dul i ngleic le fuath ban agus leis an teanga maslach a d'fhéadfadh a bheith in usáid ag scoláirí bunaithe ar inscne na scoláirí agus ar bhaill an phobail LGBTQ+.
- Ligeann an Athena Tracker do mhúinteoirí agus do chinn bhliana aon athruithe i ráta dul chun cinn na scoláirí a aithint, rud a d'fhéadfadh imní a ardú maidir le folláine an scoláire. Is féidir aon imní a thuairisciú don Fhoireann Tacaíochta Scoile.
- 

**Polasaí & Pleanáil**

- Bíonn fóram scoláirí ar siúl gach bliain le sampla ionadaíoch de thart ar 40 scoláire a roghnaítear go randamach chun saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar fholláine scoláire sa scoil a phlé. Cabhraíonn a gcuid aiseolais agus tuairimí le roghanna a dhéanamh i gcás pleanáil agus aithbhreithniú ar polasaithe ar nós Bí Cineálta agus Cód Iompar Dhearfach.
- Meabhraítear do scoláirí, do tuismitheoirí agus do mhúinteoirí an polasaí Bí Cineálta ag tús gach bliain scoile. Beidh an polasaí atá in oiriúnt do scoláirí agus a theachtaireacht le feiceáil i seomraí ranga, i limistéir shóisialta agus san leithris mar mheabhrúchán leanúnach gur timpeallacht "ní gá gur binn béal ina thost" atá i Scoil Chaitríona.
- Tá Polasaí Cód Iompair Dhearfach ag Scoil Chaitríona a spreagann meas a léiriú do dhaoine eile i bpobal Scoil Chaitríona. Cruthaíonn sé timpeallacht shábháilte ina gcomhlíontar riachtanais foghlama (acadúla, sóisialta agus mhothúchánacha) na scoláirí uile. Tá sraith shoiléir treoirlínte ann do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir le déileáil le sárú rialacha agus sraith nósanna imeachta chun déileáil le fadhbanna iompraíochta, lena n-áirítear nósanna imeachta do scoláirí a léiríonn iompar bulaíochta. Faigheann gach tuismitheoir cóip den Pholasaí Cód Iompair Dhearfach ag tús gach bliain le léamh, le síniú agus le cur ar ais chuig an scoil.
- Cuirtear an Polasaí Yondr i bhfeidhm chun a chinntiú gur timpeallacht saor ó fhóin phóca atá i Scoil Chaitríona.

- Tá Polasaí Tréadchuraim Scoil Chaitríona ann a aithníonn tréadchuraim mar bhunchloch den chóras tacaíochta a chuirimid ar fáil do scoláirí.
- Tá an Polasaí Folláine i bhfeidhm chun forbairt iomlán na scoláirí a chothú. Tá forbairt fisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta i gceist leis.

Cuirtear deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí, eagraithe ag an mbainistíocht don fhoireann iomlán nó do mhuinteoirí chuí chun freastal ar thraenáil lasmuigh den scoil. Bíonn deiseanna aiseolais a thabhairt sna cruinnithe foirne. Bíonn traenáil déanta ag ball foirne i gcleachtas athchóiritheach.

**Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí**

- Tá nasc láidir ag Scoil Chaitríona lenár mbunscoileanna sa phobal. Cuirimid réimse imeachtaí ar siúil ina dtugtar cuireadh do scoláirí páirt a ghlacadh in ocáidí faoi stiúir scoláirí Scoil Chaitríona ar nós:

- Blitz Peile do Ghaelscoileanna
- Taispeántas Seachtain na hEolaíochta
- Ceolchoirm na scoile
- Socrúcháin Taithí Oibre na hIdirbhliana
- Oíche Oscailte na Chéad Bhliana

Faigheann na daltaí deis bualadh le scoláirí reatha agus dalaí ó scoileanna eile chun cabhrú leo aistriú isteach sa chéad bhliain.

- Ligeann imeachtaí ar nós Tráth na gCeist, Seachtain na Gaeilge, Cór Emmanuel, an Ghaelbhratach, YSI agus Scléip do scoláirí páirt a ghlacadh in imeachtaí spóirt, inbhuanaitheachta, cultúrtha agus ealaíon áitiúla le scoláirí ó Ghaelscoileanna eile, scoileanna Doiminiceánacha agus iar-bhunscoileanna eile go háitiúil agus go náisiúnta.
- Tá comhpháirtíocht láidir ag Scoil Chaitríona le heagraíochtaí áitiúla ar nós an BRYR, an Rediscovery Centre, an AXIS, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) a thairgeann oiliúint agus tacaíocht do scoláirí Scoil Chaitríona i réimsí na hinbhuanaitheachta, na gcosán gairme, an tacaíocht acadúil agus a chuireann imeachtaí ar fáil chun éagsúlacht a cheiliúradh agus a aithint.
- Tá Clár Críochnú Scoile ag an scoil, a chuirtear ar fáil trínár TBSP (Teagmhálaí Baile, Scoile agus Pobail).
- Tríd an TBSP, tá nasc láidir luachmhar tógtha ag Scoil Chaitríona le Teach Mhichíl. Bíonn deis ag scoláirí na hIdirbhliana bualadh le scoláirí ó St. Michael's House agus oibriú leo ar bhonn rialta.
- Glacann scoláirí na hIdirbhliana páirt i gClár Oibre Deonacha/Aoisghniomhaíocht ina dtugann siad a gcuid ama chun cabhrú le daoine níos leochailí sa tsochaí. Tugann go leor acu a gcuid ama do thithe altranais áitiúla.
- Bíonn Codladh Amuigh á reáchtáil ag scoláirí na hIdirbhliana ar mhaithe le Focus Ireland gach bliain. Labhraíonn ionadaithe ón eagraíocht leis na scoláirí faoina gcuid oibre agus tarraingíonn siad aird ar na fachtóirí a chuireann le dífhostaíocht.
- Reáchtálann an TBSP clár cuimsitheach chun caidreamh níos láidre a thógáil leis na tuismitheoirí. Bíonn imeachtaí rialta ar nós yoga, ranganna cócaireachta agus ceardlanna ealaíne agus ceardaíochta oscailte do ghach tuismitheoir, ag tabhairt deis dóibh bualadh le tuismitheoirí agus múinteoirí eile ón scoil agus labhairt leo i dtimpeallacht fháilteach neamhfhoirmiúil.
- Bíonn cruinnithe rialta ag Comhairle na dTuismitheoirí le ceannairí scoile inar féidir leo aon saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar phobal na scoile a phlé agus a chur in iúl. Bíonn deis

acu ionchur a bheith acu ar polasaithe atá ann cheanna féin agus aitheann an mbeadh polasaí nua riachtanach i gcásanna ar leith.

- Déanann an Fhoireann Tacaíochta Scoile teagmháil le bunscoileanna na nscoláirí atá ag teacht isteach sa chéad bhliain chun comhairle a fháil maidir leis an mbealach is fearr chun tacú le scoláirí áirithe agus chun cabhrú leo aistriú chuig an iar-bhunscoil.
- Tugtar cuireadh do aoichainteoirí teacht chun labhairt le tuismitheoirí gach bliain faoi shábháilteacht ar líne. Tugtar cuireadh do chainteoirí eile teacht chun labhairt le tuismitheoirí má bhíonn saincheisteanna ar leith ann a théann i bhfeidhm ar fholláine na scoláirí.

| **Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi: (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)** |
|---|
| Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir. |

## Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

| | |
|---|---|
| An Príomhoide: | Fiona Ní Chatháin |
| An Príomhoide Tánaisteach: | Katie Ní Dhubhláin |
| Ceann Bliana - Bliain 1: | Tanya Uí Uiginn |
| Ceann Bliana - Bliain 2: | Meadhbh Ní Mhainín |
| Ceann Bliana - Bliain 3: | Trish de Bhál & Niamh Ní Chléirigh |
| Ceann Bliana - Bliain 4: | Anna Ní Mhonacháin agus Cian Ó Gibealláin |
| Ceann Bliana - Bliain 5: | Daithí Mac Gabhann |
| Ceann Bliana - Bliain 6: | Daibhéad de Bhál & Diarmaid Ó hÓgáin |
| Foireann Thréadchúraim: | Brian Ó Gallachóir & Niamh Ní Chléirigh |

## Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

- A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá go híogair.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
- A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- A ghníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

**Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):**

Is é mar phríomhaidhm agus aghaidh á tabhairt ar thuairiscí ar iompraíocht bhulaíochta stop a chur leis an iompraíocht bhulaíochta agus, a oiread agus is féidir, an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist a athbhunú.

## A aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta:

Agus an múinteoir ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cad, cá háit, cathain agus cén fáth?

- Déanfaidh an múinteoir teagmháíl le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús agus tabharfaidh siad tuaraisc i scríbhín den eachtra(í).
- Má bhíonn grúpa i gceist, labhróidh an múinteoir le gach scoláire mar ghrúpa. Iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena cinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.
- Beidh tacaíocht tugtha do gach scoláire de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe ghrúpa.

Cuirtear 3 cheist chun a aithint ar tharla nó nár tharla iompríocht bulaíochta

1. An bhfuil an t-iompar dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?
2. An bhfuil sé mar aidhm ag an iompar dochar fisiciúil, sóisialta, nó mothúchánach a dhéanamh?
3. An bhfuil an t-iompar déanta arís is arís eile?

Má's **Tá** an freagra ar gach ceann de na ceisteanna, is iompar bulaíochta é an t-iompar agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar an iompa trí usáid a bhaint as nósanna imeachta Bí Cineálta.

*Nóta: I gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí teagmhais aon uaire a mheas mar iompar bulaíochta. Féadfar teachtaireacht ghortaithe amháin a phostáiltear ar na meán shoisialta a mheas mar iompar bulaíochta toisc go bhfuil dochúlacht ann go leanfar á roinnt agus, dá bharr sin, is iompar leantach é.*

Má's **Níl** an freagra ar aon cheann de na ceisteanna, ní iompar bulaíochta é an t-iompar. D'fhéadfadh eachtraí tarlú ina bhfuil iompraíocht dhoghlactha agus ghoilliúnach i gceist nach iompraíocht bhulaíochta í. Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

- I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, rachaidh an múinteoir i dteagmháil lena tuismitheoirí na bpáirtithe atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas maidir leis an gcás agus chun dul i gcomhairle leo faoi na bearta atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht mar atá leagtha amach i bpolasaí Bí Cineálta na scoile.
- Labhróidh an múinteoir leis an scoláire á fulaingt chun na tacaíochtaí a theastaíonn ón scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici a aithint chun deacrachtaí gaolmhara a bhainistiú níos éifeachtaí agus chun a chinntiú go ndéantar freastal ar a riachtanais
- Beidh taifead den eolas ar fad curtha ar fhoirm " Tuairisc ar Iompraíocht Bulaíochta" (Aguisín A)
- Ar an bhfoirm seo beidh taifead de:

> Cineáil agus foirm iompraíocht bulaíochta *(roinn 2.5 agus 2.7 Nósanna Bí Cineálta)*
> Cá h-áit agus cathain a tharla an iompraíocht bulaíochta
> Dáta an chéad teagmhála leis na scoláirí a bhí i gceist agus lena dtuismitheoirí

- Tionchar an iompraíocht bhulaíochta ar an scoláire a bhí ag fulaingt ón iompar bulaíochta
- Tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí maidir leis na bearta atá le déanamh chun aghaidh a thabhairt ar an iompraíocht bulaíochta
- Dáta ar a ndéanfar athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil an bhulaíocht stoptha
- Tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí maidir leis an athbhreithniú seo
- Aon sonraí maidir le rannpháirtíocht tacaíochtaí nó seirbhísí seachtracha a fhostaigh an scoil, más cuí.

### Iarphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta

- Rachaidh an ceann bliana i mbun phlé arís leis na scoláirí agus na tuismitheoirí i gceist-tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh.
- I measc na ngnéithe tábhachtacha ar fiú machnamh a dhéanamh orthu mar chuid den athbhreithniú tá cineál na hiompraíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus an caidreamh idir na scoláirí a bhí i gceist.
- Beidh doiciméadú ann ar an athbhreithniú le scoláirí agus a dtuismitheoirí chun a chinneadh an bhfuil deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí ina leith sin déanta ar an bhfoirm “Tuairisc ar Iompraíocht Bulaíochta” (Aguisín A).
- Beidh dáta gach ceann de na teagmhálacha seo a thaifeadadh agus an dáta ar cinneadh go bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta san fhoirm seo. Má’s gá, beidh aon teagmháil le seirbhísí/ tacaíochtaí seachtracha bhreacta síos freisin.
- Mura mbeidh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta, beidh athbhreithniú déanta ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí agus na tuismitheoirí agus aontú ar bhualadh le chéile arís thar thréimhse ama chomhaontaithe go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta
- Más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint den iompraíocht a léiriú, beidh ar an scoil smaoineamh ar úsáid a bhaint as na straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair Dhearfach na scoile.

### Iarratais gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh

D’fhéadfadh tuismitheoirí freisin scoileanna a chur ar an eolas faoi iompraíocht bhulaíochta a tharla agus a iarraidh ar an scoil go sonrach gan aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh. Ba chóir do thuismitheoirí an t-iarratas seo a dhéanamh chuig an scoil i scríbhinn nó ba chóir go néascófaí iad chun é sin a dhéanamh sa chás go bhfuil bacainní litearthachta nó inniúlachta digití nó bacainní teanga ann. Mar sin féin, agus iarratas an tuismitheora á chur san áireamh, d’fhéadfadh sé go gcinnfeadh scoileanna, ag brath ar na cúinsí, go bhfuil sé oiriúnach dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta go háirithe i gcás iompraíocht bhulaíochta ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí (féach ar roinn 2.4 Nósanna Bí Cineálta)

**Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):**

## Iarchuraim agus Tuilleadh Tacaíochta

- Fiú má tá deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh maoirseacht agus tacaíocht leanúnach de dhíth ar an scoláire a d'fhulaing iompraíocht bhulaíochta agus ar an scoláire a léirigh an iompraíocht araon.

- Cuirfear tuilleadh tacaíochtaí agus oideachais ar fáil tríd ár gclár folláine do ghrúpaí bliana iomlána chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna dúshlánacha atá os comhair ár gcuid scoláirí má thagann siad chun cinn.

- Iarrtar ar oidí ranga seiceáil isteach (seiceáil agus nascadh) le gach dalta leochaileach i ndiaidh na heachtra agus aon imní a thuairisciú don Cheann Bliana.

- Seolfaidh an Ceann Bliana ríomhphost chuig gach ball foirne ag cur in iúl dóibh go raibh saincheist ann. Iarrtar ar an bhfoireann súil ghéar a choinneáil ar gach scoláire a luaitear agus aon imní eile a thuairisciú don Cheann Bliana.

- Bíonn na comhairleoirí scoile ar fáil do gach scoláire a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu. Is féidir leis an scoláire seisiún a shocrú le ceachtar comhairleoir. Nó, féadfaidh an Ceann Bliana an seisiún a shocrú dóibh.

- Cuireann Scoil Chaitríona spás sábháilte**,** Seomra Séimh, ar fáil do gach duine a bhfuil gá leis.

- Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) de chuid na Roinne Oideachais seirbhís síceolaíochta chuimsitheach, scoilbhunaithe ar fáil do gach bunscoil agus iarbhunscoil. Is féidir le foireann SNSO tacú le scoileanna maidir le fadhbanna a bhaineann leis an mbulaíocht tríd an seirbhís cásoibre dírí nó indírí seo. Tá tacaíochtaí ar fáil chomh maith tríd OIDE, Webwise, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC agus Tusla.

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.*

## Mír D: Maoirseacht:

Cuirfidh an Príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú Bord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bhulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bhulaíochta, tabharfaidh an Príomhoide uasdátú ó bhéal lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Sínithe:______________________________________________ Dáta: ____________________

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínithe:______________________________________________ Dáta: ____________________

(Príomhoide)

## Aguisín A: Foirm thuairisce ar thairliúnt bulaíochta

1. Ainm an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/ aici: ________________________

2. Bunrang: ________________

3. Ainm agus rang an scoláire atá ag léiriú iompraíocht bhulaíochta:
   i. _________________________
   ii _________________________
   iii _________________________

4. Duine ag déanamh an tuairisciú:

| | |
|---|---|
| Scoláire i gCeist | |
| Scoláire eile | |
| Múinteoir | |
| Tuismitheoir | |
| Eile | |

5. Áit a tharla an iompraíocht bhulaíochta:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sa chlós | | Seomra Gléasta | |
| Bus | | Seomra Ranga | |
| Lasmuigh de scoil | | Imeachtaí seach-curaclaim | |
| Pasáistí | | Eile | |
| Leithris | | | |

6. Cineáil Iompraíocht Bhulaíochta i gceist:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fisiciúil | | Cibearbhulaíocht | |
| Briathartha | | Sracaireacht | |
| Damáiste déanta do mhaoin phearsanta | | Scríofa | |
| Imeaglú | | Caidreamhach | |
| Bulaíocht Féiniúlacht Inscne | | Eile | |

7. Ainm an duine a thug an tuairisc faoin iompraíocht bhulaíochta:

______________________________________________________

8. Cur síos ar an iompraíocht bhulaíochta atá i gceist:

9. Éifeacht an iompraíocht bhulaíochta ar an scoláire atá ag fulaingt:

10. Sonraí ar cad a bhí déanta chun dul i ngleic leis:
Cur san áireamh sa chuntas seo

- Dáta a labhair tú leis an scoláire don chéad uair
- Dáta a chuaigh tú i dteagmháil le tuismitheoirí don chéad uair
- Céimeanna a thóg tú i líne le Polasaí Bí Cineálta na scoile
- Dearcthaí an scoláire(í) agus tuismitheoir(í) maidir leis an gníomhartha atá glactha

11. Dáta an athbhreithnithe le scoláire/scoláirí agus tuimitheoir(í) chun cinneadh a dhéanamh ar cuireadh stop leis an iompraíocht bhulaíochta. Is gá do seo tarlú laistigh de 20 lá ón gcéad teagmháil.

______________________________________

12. Dearcthaí an scoláire(í) agus tuismitheoir(í) maidir leis an athbhreithniú:

13. Rannpháirtíocht le seirbhísí seachtracha agus/nó tacaíochtaí (má's ann dóibh):

Dáta a bhí an tuairisc curtha faoi bhrád an Phríomhoide/ Phríomhoide Tánaisteach:

______________________

Síniú: ____________________(Ceann Bliana)

Dáta: __________________



# Bí Cineálta!

**Ba mhaith linn go mothódh gach duine inár scoil sábháilte agus sásta.**

**Má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile, is gá duit é a rá le múinteoir nó le duine fásta eile a bhfuil muinín agat as nó aisti. Beidh a fhios acu conas cabhair a fháil.**

Lorg cabhair!

Abair le duine éigin é!

Má insíonn scoláire do bhall foirne go gceapann sé/sí go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi nó ar dhuine eile:

- labhróimid leis an scoláire a bhféadfadh bulaíocht a bheith á déanamh air/uirthi
- fiafróimid den scoláire cad ba cheart a dhéanamh, dar leis/léi
- oibreoimid amach plean le chéile
- labhróimid lena t(h)uismitheoirí
- labhróimid leis an scoláire eile ionas go dtuigfidh sé/sí nach bhfuil a (h)iompraíocht ceart
- labhróimid le tuismitheoirí an scoláire eile
- cabhróimid le gach duine ionas go mothóidh siad sásta agus sábháilte inár scoil

Abair le duine le do thoil má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ort nó má cheapann tú go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhuine éigin eile.

Tá polasaí ag ár scoil chun stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.

Breathnaímid ar an bpolasaí seo gach bliain. Cinntíonn sé sin go bhfuil gach rud is féidir á dhéanamh againn in iarracht stop a chur le hiompraíocht bhulaíochta.

Fiafróimid díot cad a cheapann tú.

Ciallaíonn iompraíocht bhulaíochta duine a bheith gránna nó maslach le daoine eile d'aon ghnó arís agus arís.

Nuair a tharlaíonn sé go minic. Ní díreach uair amháin.